



## Caibidil 5 Árthaí Uisce Pearsanta – Scairdscíonna agus Mótarbháid Ardluais



Is cuid de mhargadh na n-árthaí áineasa a bhfuil fás mór tagtha uirthi iad Árthaí Uisce Pearsanta (ÁUP) ar nós scairdscíonna nó rothair uisce/fhliucha.

Is ionann ÁUP agus ártach uisce atá níos lú ná 4.88 meádar (16 troigh) ar fhad agus atá tiomáinte ag inneall peitрил débhuille, rud a bhrúnn caidéal uisce agus a bhíonn á fheidhmiú ag duine atá ina shuí, a sheasamh nó atá ar a ghlúine. Tá siad in ann gluaiseacht níos tapúla ná 100 km/uair agus is féidir le duine cumasach iad a stiúradh go héasca.

## 5.1 Oiliúint

Moltar go bhfaigheann daoine atá i bhfeighil ÁUP oiliúint fheiliúnach. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa (féach ar Aguisín 9 le tuilleadh sonraí a fháil faoi sholáthraithe na gcúrsaí).

## 5.2 Trealamh molta d'árthaí uisce pearanta (ÁUP)


- Téad (5 m x 8 mm de Níolón) le n-úsáid do tharraingt agus do fheistiú an árthaigh.



- Ba cheart go mbeadh paca bladhmanna á iompar le 1 x pointe pionna dearg agus 2 x deatach oráiste ar a laghad istigh i ngabhdán uiscédhíonach.
- Ancaire oiriúnach infhillte a iompar.



- Céasla infhillte, ar féidir é a stóráil ar bord i gcás go dteipfeadh ar an inneall.
- Trealamh garchabhrach bunúsach.
- Ba cheart go mbeadh láinnéar/corda múchta ar an ÁUP chun an t-inneall a mhúchadh; caithfidh an lainnéar/corda múchta a bheith ceangailte le corp, éadaí nó GSP/seaicéad tarrthála an oibreora. Ba cheart go mbeadh láinnéar/corda múchta spártha á iompar ar bord i gcónaí.



- Scian.
- Tóirse.
- Fearas Uirlise Bunúsach.
- Múchtóir dóiteáin.

### 5.3 Trealamh pearsanta le beidh caite/á iompar ag oibreoir an ÁUP

- GSP/seaicéad tarrthála oiriúnach (féach ar Aghuisín 5).
- Feadóg, le bheith feistithe le gach GSP/seaicéad tarrthála chun aird a tharraingt, i gcás éigeandála nó duine tite isteach san uisce.
- Na héadaí cuí, culaith fhliuch agus cosaint láimhe/coise san áireamh.
- Clogad cuí, le cosaint aghaidhe más féidir, má táthar ag feidhmiú amuigh ar an uisce nó má táthar páirteach i léim tonnta.
- Moltar spéaclaí cosanta, ach go háirithe más loingseoireacht ar an sáile atá ann.

### 5.4 Feidhmiúcháin ártháí uisce pearanta

#### 5.4.1 Roimh dhul isteach san uisce (Seiceáil Roimh Sheoladh)

- Chun úsáideoirí eile an uisce a chosaint agus de bharr leibhéal an torainn a chruthaíonn sé, d'fhéadfadh an ÁUP a bheith faoi réir fodhlíthe sainiúla áitiúla eisithe ag údaráis chuain nó áitiúla chun teorainn a chur ar a luas nó ar a cheantair fheidhmithe. Tá oibreoirí an ÁUP freagrach as a bheith ar an eolas faoi na fodhlíthe ábhartha atá i bhfeidhm sna huiscí a úsáideann siad.
- Féach ar réamhaisnéis na haimsire/cúinsí na farraige, sula dtéann tú amach.
- Líon isteach liosta seiceála do shábháilteacht i gcónaí (féach ar

mhír 5.7), sula n-imíonn tú. Ba cheart go mbeadh cóip lannach uiscédhíonach den liosta seiceála greamaithe go buan leis an ÁUP, taobh istigh de dhoras na hurrainne stórála.

- Bí cinnte go bhfuil gach rochtain innill agus doras stórála sochar agus dúnta.
- Bí ar an eolas faoi na gnáthaimh chearta chun ÁUP a sheoladh agus a luchtú le leantóir.
- Ba cheart go mbeadh eolas agus taithí ag oibreoirí ar an ngnáthamh a bhaineann le bád atá iompaithe béal faoi. Má chostar an t-árthach thart go mícheart, d'fhéadfadh uisce dul isteach san inneall, rud a dhéanadh an-dochar dó agus a bhrisfeadh an ÁUP.

#### 5.4.2 Gnáthaimh Phráinne

- I gcás go dtiteann duine isteach san uisce fuar, ba cheart dó teacht ar ais ar bord arís láithreach. Má bhíonn duine tumtha in uisce fuar, d'fhéadfadh titim bhaolach teacht ar theocht an choirp (heipiteirme). D'fhéadfadh heipiteirme tarlú mar thoradh ar fhuacht gaoithe, báisteach agus cur allais chomh maith. Chun an baol seo a sheachaint, bí ullamh, trína bheith gléasta i gceart le culaith fhliuch/thirim, cosaint láimhe/coise. Cuireann an GSP/seaicéad tarrthála cosaint sa bhreis ar fáil ón bhfuacht.
- Má bhíonn deacracht ann, fan istigh san ÁUP. Ná déan iarracht snámh ar ais ag an gcladach san uisce fuar, ach amháin má tá tú

an-ghar di agus mura bhfuil tú ag súil go mbeidh cabhair ag teacht go luath. Cuireann snámh agus snámh i do sheasamh san uisce, fuinneamh luachmhar amú agus cailltear an-chuid de theas an choirp sa chás sin. Murar féidir teacht amach as an uisce, cabhróidh an GSP/seaicéad tarrthála leat do thréimhse marthanais a mhéadú trí do cheann a choinneáil as an uisce.

### 5.4.3 Ar an uisce

- Na bí ag ól alcóil nó ná ag tógáil drugaí nuair atá tú ag taisteal ar ÁUP: tá sé mídhleathach a leithéid a dhéanamh agus cuireann sé isteach go mór ar do chumas chun cinntí a dhéanamh. Tá sé seo rí-thábhachtach nuair atá duine ag oibriú ÁUP atá tapa agus instiúrtha.
- Déan staidéar ar lámhleabhar an déantóra. Déan cleachtadh ar an ÁUP a láimhseáil faoi stiúir duine le taithí ar an uisce oscailte agus déan é i bhfad amach ó ná bádóirí eile.
- Bí ar d'airdeall d'athruithe toinne, gaoithe nó scamall, rudaí a léireoidh athrú ar an aimsir.
- Seachain a bheith ag sciáil i d'aonar, ar an bhfarraige ach go háirithe.
- Bainneann cuid mhaith de thaismí ÁUP le himbhualtí le hárthaí eile. Ba cheart d'oibreoirí a bheith an-chúramach nuair a bhíonn siad ag teacht aníos ar, nó ag dul thar báid eile agus níor cheart dóibh a bheith ag stiúradh ar luas ard agus

iad i ngar d'ÁUP eile, báid nó daoine ag snámh (féach ar Aguisín 1).

- Ba cheart bealaí le baoithe agus ceantair roghnaithe a úsáid, pé áit ar féidir.
- Má táthar ag déanamh sciáil ar an uisce nó má táthar ag tarraingt snámháin, tá sé riachtanach go mbeadh duine ar faire ann. Ní cheart é seo a dhéanamh ach ar ártach a bhfuil cumas iompair de thiúr nó níos mó aige.
- Bí cinnte i gcónaí go bhfuil do dhóthain breosla ar bord d'aon turas atá beartaithe. Déan plean le fillleadh leis an umar aon trian lán le bheith ullmhaithe d'aon éigeandálaí.
- Ní cheart peitreal sa bhreis a iompar ar bord agus níor chóir aistriú breosla a dhéanamh fad is atá an bád ar snámh.

## 5.5 Cúrsáil amach ón gcósta

Faoi réir na haimsire cuí agus na gcoinníollacha farraige cuí, tá se de chumas ag na hárthaigh seo taisteal ar an gcósta nó amach ón gcósta.

- Ba cheart a leithéid de thuras a dhéanamh i gcomhlúadar ÁUP eile nó leis na báid tacaíochta chuí ann.
- Ba cheart go mbeidh duine ainmnithe ar an gcladach atá ar an eolas faoi na hamanna imeachta, an ceann scríbe agus an t-am a bhfuiltear ag súil le fillleadh ar ais.

Moltar go mbeadh na rudaí seo a leanas á n-iompar ar bord:

- Compás.
- Raidió VHF Uiscédhíonach.
- Plean an Aistir.
- Cairt den Cheantar Farraige

Níl formhór na ÁUP suiteáilte le soilse loingseoireachta, rud a éilítear sa dlí le feidhmiú san oíche. Tá úsáid ÁUP dá leithéid, mar sin, srianta do

thréimhse idir breacadh an lae agus luí na gréine.

### 5.6 Cumann Náisiúnta

Is é an Cumann Seoltóireachta na hÉireann (CSÉ) an comhlacht rialála náisiúnta do na ÁUP in Éirinn (tá sonraí teagmhála le fáil in Aguisín 10).

### 5.7 Seicliosta Sábháilteachta d'Árthach Uisce Pearsanta

Fearas Pearsanta	✓
GSP/seaicéad tarrthála	
Feadóg	
Culaith Fhliuch	
Lámhainní	
Clogad	
Spéaclaí Cosanta	
Trealamh ÁUP	✓
Téad Tarraingthe	
Pacáiste de Bhladhmana	
Ancaire mara	
Céasla Infillte	
Trealamh Garchabhrach	
Corða Múchta don Inneall	
Corða Múchta Spártha don Inneall	
Scian	
Tóirse	
Fearas Uirlise Bunúsach	
Múchtóir dóiteáin	

✓ = Cuir tic sa bhosca

Seiceáil Roimh Imeacht	✓
Srianta fodhlíthe áitiúla	
Réamhfhaisnéis na haimsire	
Taoidí	
Cairt Áitiúil	
Tanc Breosla agus Ola a bheith lán	
Suíocháin/Haistí séalaithe	
Seiceáil Seachtrach ar an gCabhail	
Oibriú trialach ar an inneall	
Triail bainte as bacáin an innill	
Cúrsáil Amach ón gCósta	✓
Cúrsáil i gComhluadar	
Plean an Aistir	
Duine Ainmnithe ar an gCladach	
Raidió VHF	
Compás	
Cairt den Cheantar Farraige	

## 5.8 Báid Spóirt/Cumhachta Ardluais – feidhmiú agus láimhseáil

Go ginearálta féachtar ar bhád ardluais/spóirt mar bhád atá in ann luasanna níos mó ná 17 muirmhíle a bhaint amach. Tá éagsúlacht árthaí ann atá deartha mar bháid ardluais/spóirt, lena n-áirítear cabhlacha próifíle dolúbtha GRP Vee, Báid Inséidte Dolúbtha, Cabhlacha deoraí caiteadrálta, srl. Teastaíonn scileanna agus cumais ar leith ó oibreoirí na n-árthaí seo mar gheall ar na luasanna arda ar féidir leo a dhéanamh. Ní cheadaíonn na háirthe seo an méid céanna ama frithghníomhaithe le gnáthárthaí móitair i gcás go dtarlaíonn eachtra.

Moltar go bhfaigheann daoine a bhíonn ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí le báid spóirt/chumhachta oiliúint fheiliúnach. Tá roinnt scéimeanna oiliúna agus cúrsaí ceadaithe ar fáil agus is féidir faisnéis a fháil go díreach ó na soláthraithe cúrsa (féach ar Aghuisín 9).

**Níl cead ag daoine faoi 16 bliain d'aois a bheith i gceannas ar bhád cumhachta/spóirt .i. ártach a bhfuil in ann luasanna níos mó ná 17 muirmhíle a bhaint amach**

### 5.8.1 Seiceáil roimh imeacht

- Ní mór do gach duine ar bord aon bhád faoi 7 méadar ar fad GSP/seaicéad tarrthála a

chaitheamh – **sin é an dlí**;

- Féach ar na leibhéil ola san inneall, srl;
- Cinntigh go bhfuil éadach feiliúnach ar gach duine atá ar bord. Ba cheart duit tuiscint a bheith agat ar na héifeachtaí a bhaineann le fuacht gaoithe nuair a bhíonn tú ag taisteal go tapa;
- Bíodh griansciath ar bord agat – fachtóir 15+;
- Má tá bád inséidte nó Bád Inséidte Dolúbtha á úsáid agat, cinntigh go bhfuil na feadáin uile líonta i gceart;
- Corda chun an inneall a stopadh – Caith ceann acu seo i gcónaí, agus déan é a thástáil sula bhfágann tú an leaba loinge;
- Inniúlacht agus Scileanna – Cinntigh go bhfuil oiliúint chuí faighte agat maidir le feidhmiú agus tréithe láimhseála an chineáil báid atá in úsáid agat.

### 5.8.2 Ar an uisce

- Coinnigh súil mhaith timpeall ort, go háirithe agus tú sna príomh-sheolbhealaí loingseoireachta.
- Tabhair aird ar theorainneacha luais ainmnithe, go háirithe nuair atá tú ag dul trí ancaireachta, in aice le muiríne agus ceantair a bhíonn in úsáid ag snámhóirí;
- Bíodh tuiscint agat ar an scuabadh a chruthaíonn do bhád, go háirithe nuair a bhíonn tú in aice le, nó ag dul thar bháid eile;
- Bíodh tuiscint agat ar an méid is féidir leat a dhéanamh – bíodh do chumas agus inniúlacht ar eolas agat;

- Bíodh tuiscint agat ar an méid is féidir leis an mbád a dhéanamh;
- Déan na cúltaí breosla a sheiceáil go rialta;
- Ná cuir ualach rómhór ar an ártach – dearadh na hártáí seo d’uasmhéid daoine. Má tá comhartha CE ar an mbád, léireofar an uimhir seo ar an bpláta CE ar an transam;
- Cinntigh go bhfuil trealamh uile an bháid daingean;
- Cinntigh go bhfuil na daoine uile sa bhád daingean agus bain úsáid as na suíocháin agus greamáin láimhe atá ar fáil;
- Má tá sé i gceist agat dul ag snámh ó do bhád, déan machnamh ar a shaorbhord. Seiceáil roimh ré agus déan deimhin de go bhfuil modh oiriúnach ann le dul ar ais ar an mbád ón uisce.

## 5.9 Sciáil Uisce/Marcaíocht Marbhshrutha agus síob thar ceann téide

Ba cheart go mbeadh a fhios ag daoine atá páirteach i ngníomhaíochtaí tarraingthe cosúil le sciáil uisce, clársheoltóireachta srutha agus fáinní inséidte a tharraingt, srl faoi na nithe seo a leanas:

- Ní mór GSP/ seaicéad tarrthála a chaitheamh.
- Ba cheart go mbeadh breathnóir ann i gcónaí mar aon leis an tiománaí báid ar bord an ártáigh atá á tharraingt.
- Ní chóir tabhairt faoi síoba thar ceann téide ach amháin i gceantair atá ainmnithe go speisialta, nó i gceantair nach bhfuil longa nó úsáideoirí uisce eile ag baint úsáide astu.

- Bí cinnte go bhfuil a fhios ag do Chomhlacht Árachais faoi na gníomhaíochtaí seo.

I gcás sciáil uisce ba cheart go mbeadh eolas ag an mbreathnóir agus an sciálaí faoi na gnáthaimh agus na comharthaí cearta atá ag teastáil. Moltar go bhfaigheann daoine aonair oiliúint agus teagasc feiliúnach.

Is é an Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann an comhlacht náisiúnta do sciáil uisce in Éirinn (tá sonraí teagmhála le fáil in Aguisín 10).

## **5.10 Úsáid iomaíoch – Mótarbháid**

Is é Cumann Seoltóireachta na hÉireann an tÚdarás Náisiúnta i gcomhair rásaíocht mótarbhád in Éirinn. Eagraítear rásaí ag na clubanna atá cleamhnaithe leis an gCumann. Reáchtáiltear an rásaíocht ar fad de réir rialacha agus gnáthamh an Union Internationale Motonautique (UIM), an comhlacht rialála domhanda. Leag an UIM amach na riachtanais do shábháilteacht árthaigh, cáilíocht scipéara, riachtanais mionscrúdaithe agus bainistíocht sábháilteachta i rith rása.